# TREORACHA

## TREOIR (AE) 2020/1504 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 7 Deireadh Fómhair 2020**

**lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach,

Ag féachaint dóibh don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is réiteach teicneolaíochta airgeadais é sluachistiú lena soláthraítear rochtain mhalartach ar airgeadas d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus, go háirithe, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, d'fhonn fiontraíocht nuálaíoch a chur chun cinn san Aontas, agus ar an gcaoi sin déantar Aontas na Margaí Caipitil a neartú. Mar thoradh air sin rannchuidítear le córas airgeadais níos éagsúlaithe, ar ceann é nach bhfuil ag brath chomh mór sin ar mhaoiniú ó na bainc agus, dá bhrí sin, cuirtear teorainn le rioscaí sistéamacha agus comhchruinnithe. I measc na sochar eile a bhaineann le fiontraíocht nuálach a chur chun cinn trí shluachistiú, tá saoradh caipiteal reoite le haghaidh infheistíocht i dtionscadail nua agus nuálacha, luasghéarú leithdháileadh éifeachtúil acmhainní agus éagsúlú sócmhainní.

(2) Le Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leagtar síos ceanglais aonfhoirmeacha, chomhréireacha atá infheidhme go díreach maidir le seirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar, maidir le soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a eagrú agus a údarú agus maoirseacht a dhéanamh orthu, maidir le hardáin sluachistiúcháin a oibriú agus maidir le trédhearcacht agus cumarsáidí margaíochta i ndáil le seirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar san Aontas.

(3) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt i dtaca leis na daoine agus na gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2020/1503 agus Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), faoi seach, agus chun an staid a sheachaint ina mbeadh an ghníomhaíocht chéanna faoi réir údaruithe iolracha laistigh den Aontas, ba cheart daoine dlítheanacha a údaraítear mar sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin faoi Rialachán (AE) 2020/1503 a eisiamh ó raon feidhme Threoir 2014/65/AE.

---

([1]) IO C 367, 10.10.2018, lch. 65.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 20 Iúil 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([3]) Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

([4]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(4) Ós rud é go bhfuil an leasú dá bhforáiltear sa Treoir seo nasctha go díreach le Rialachán (AE) 2020/1503, maidir leis an dáta óna bhfuil na Ballstáit chun na bearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a chur i bhfeidhm, ba cheart é a iarchur chun go mbeidh sé i gcomhthráth leis an dáta cur i bhfeidhm a leagtar amach sa Rialachán sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 2(1) de Threoir 2014/65/AE, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(p) soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin mar a shainmhínítear i bpointe (e) d'Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) .

---

(*) Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lth. 1).".

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 1 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 10 Bealtaine 2021.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 10 Samhain 2021.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún agus don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 7 Deireadh Fómhair 2020.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D.M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH